Ciorclán 0058/2006

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN RANNÁN PÁROLLA

DO: Bhoird Bhainistíochta, do Phríomhoidí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus i Scoileanna Dara Leibhéal.

Socruithe Iomarcaíochta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta

1. Réamhrá

1.1 Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta na Boird Bhainistíochta a chur ar an eolas faoi na socruithe a aontaíodh ar bhonn náisiúnta maidir le cúiteamh iomarcaíochta do chúntóirí riachtanas speisialta atá fostaithe i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal. Aontaíodh na socruithe ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais.

2. Téarmaí an Chomhaontaithe Iomarcaíochta ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais:

2.1 Rinne na socruithe a aontaíodh foráil do chúiteamh iomarcaíochta dhá oiread na dtéarmaí reachtúla a chuirfí i bhfeidhm do chúntóirí riachtanas speisialta lánaimseartha a bhí fostaithe i mbunscoileanna nó i scoileanna dara leibhéal i bpoist cheadaithe agus níos mó ná bliain amháin seirbhíse leanúnaí curtha isteach.

2.2 Rinne an socrú foráil freisin do chúiteamh dóibh siúd a raibh stádas lánaimsearach agus tairbhí gaolmhara á gcailliúint acu, a chuirfí i bhfeidhm ar bhonn pro rata.

2.3 Faoin Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 2003 tá fostaí incháilithe i dteideal dhá sheachtain d'íocaíocht iomarcaíochta a fháil do gach bliain seirbhíse, mar aon le bónas seachtaine.

2.4 De réir forálacha an chomhaontaithe dá dtagraítear i Mír 1 tá cúntóirí riachtanas speisialta **lánaimseartha** a bhfuil níos mó ná bliain amháin seirbhíse leanúnaí acu agus a bhfuil a gcuid post sa bhreis ar leithdháileadh faofa na scoile i dteideal ceithre sheachtain íocaíochta iomarcaíochta do gach bliain seirbhíse, móide seachtain bhónais, agus teidlíocht pro rata ag cúntóirí riachtanas speisialta páirtaimseartha agus níos mó ná bliain amháin seirbhíse leanúnaí acu.

I gcás go n-eascraíonn staid iomarcaíochta ag éirí as laghdú sna huaireanta mar a fhoráiltear dó i rannóg 4.2 thíos, íocfar cúiteamh iomarcaíochta arís ar bhonn pro rata.

3. Athbhreithmiú ar Leithdháileadh Post na gCúntóirí Riachtanas Speisialta i Scoileanna:

3.1 Déanfar athbhreithniú ar leithdháileadh cúntóirí riachtanas speisialta do do scoil ar bhonn bliantúil. D'fhéadfadh sé go laghdófaí fostaíocht chúntóirí riachtanas speisialta ó lánaimseartha go páirtaimseartha nó go gcuirfí deireadh léi tríd an iomarcaíocht i gcás go laghdófaí leithdháileadh na scoile agus gur gá deireadh éigeantach a chur le fostaíocht chúntóirí riachtanas speisialta. Éiríonn staid iomarcaíochta nuair nach ann a thuilleadh do phost agus nuair nach gceaptar cúntóir riachtanas speisialta nua. Ar an gcaoi sin níl cúntóir riachtanas speisialta a bhristear ar bhonn ar bith seachas bonn iomarcaíochta (e.g. mí-iompar, neamhéifeacht) nó a fhágann an fhostaíocht go deonach, i dteideal íocaíochta iomarcaíochta.

3.2 D'fhéadfadh go n-eireodh staid iomarcaíochta freisin i gcásanna nach mbeadh gá a thuilleadh le seirbhísí cúntóra (cúntóirí) rianchtanas speisialta i do scoil e.g. áit a gcuireann leanbh riachtanas speisialta deireadh lena fhreastal ar do scoil ar cibé cúis agus nach bhfuil aon fholúntas eile sa scoil.

4. Critéir Roghnaithe don Iomarcaíocht:

4.1 Foirceannadh post cúntóirí riachtanas speisialta

Beidh an critéir roghnaithe don iomarcaíocht ar bhonn is déanaí isteach is túisce amach (LIFO) faoi réir na socruithe conarthacha atá ann cheana. Ciallaíonn sé seo, i gcás iomarcaíochta, muna mbíonn conradh scríofa i leith linbh áirithe ag an gcúntóir riachtanas speisialta is sóisearaí, a thugann teidlíocht dó nó di fanacht sa scoil, ba chóir deireadh a chur lena chonradh nó a conradh siúd ar an mbonn gurb é nó í an cúntóir riachtanas speisialta sa scoil ó thaobh téarmaí fad tréimhse seirbhíse de (Litreacha Ciorcláin SNA 12/05 agus 15/05 a thagraíonn do chonarthaí fostaíochta).

4.2 Laghdú post cúntóra riachtanas speisialta lánaimseartha amháin go post páirtaimseartha

I gcás go laghdaítear post cúntóra riachtanas speisialta lánaimseartha sa scoil go post páirtaimseartha d'fhéadfadh go n-éireodh ceist íocaíochta iomarcaíochta i leith na n-uaireanta a cailleadh. Tá teidlíocht iomarcaíochta faoi réir ag cáilitheacht an chúntóra riachtanas speisialta de réir téarmaí an chomhaontaithe iomarcaíochta atá leagtha amach in 1 thuas agus critéir a bhfuil breac-chuntas orthu i Mír 3.1. Arís beidh na critéir roghnaithe don iomarcaíocht sa chás seo ar bhonn is déanaí isteach is túisce amach (LIFO) faoi réir na socruithe conarthacha atá i bhfeidhm cheana sa scoil.

5. An tSeirbhís Inríofa agus Sinsearacht agus Iomarcaíocht á Ríomh:

5.1 Tá tréimhse neamhláithreachta cúntóra riachtanas speisialta ar shaoire mháithreachais, ar shaoire mháithreachais bhreise, ar shaoire thuismitheoirí, ar shaoire aithreachais agus saoire force majeure inríofa.

5.2 Níl neamhláithreachtaí ar shaoire bhreoiteachta sa bhreis ar 26 sheachtain i dtréimhse thrí bliana roimh dháta na hiomarcaíochta inríofa i ríomh seirbhíse inríofa don iomarcaíocht. Tá neamhláithreachtaí ar shaoire bhreoiteachta suas go 52 sheachtain inríofa más de bharr timpiste nó galair cheirde an neamhláithreacht.

5.3 Tá cur síos ar na socruithe atá i bhfeidhm maidir le ríomh saoire uchtála agus saoire chúramóra sa leabhrán **"**Treoirleabhar don Scéim Íocaíochtaí Iomaracaíochta" a d'eisigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

5.4 I gcás go roinneann cúntóir riachtanas speisialta poist is é an ráta pá roinnt poist seo a úsáidtear d'fhonn ríomh iomarcaíochta.

5.5 I gcás go bhfaigheann cúntóir riachtanas speisialta íocaíocht chnapshuime iomarcaíochta beidh a leanúntas fostaíochta briste. Ní bheidh sa tréimhse sheirbhíse inríofa d'fhonn íocaíochtaí iomaracaíochta ach an tréimhse de sheirbhís leanúnach an chúntora riachtanas speisialta sa scoil ina raibh sé/sí fostaithe go deireanach.

5.6 Dírigh le do thoil ar Chiorclán 0059/2006 ar mhaithe le tuilleadh eolais ar aimsiú sinsearachta cúntóirí riachtanas speisialta a fháil.

6. Foirceannadh Conartha Fostaíochta

6.1 Agus conradh fostaíochta cúntóra riachtanas speisialta á fhoirceannadh ba chóir go mbeadh feidhm le forálacha an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973. Ba chóir fógra leordhóthanach a thabhairt de réir théarmaí an Achta mar seo a leanas:-

- ba chóir fógra íosta seachtaine a thabhairt do chúntóir riachtanas speisialta (CRS) atá i mbun seirbhíse ar feadh tréimhse idir trí sheachtain déag agus dhá bhliain
- ba chóir fógra coicíse a thabhairt do CRS a bhí i mbun seirbhíse leanúnaí ar feadh breis agus dhá bhliain ach níos lú ná cúig bliana
- ba chóir fógra ceithre sheachtain a thabhairt do CRS a bhí i mbun seirbhíse leanúnaí ar feadh cúig bliana ach níos lú ná deich mbliana
- ba chóir fógra sé sheachtain a thabhairt do CRS a bhí i mbun seirbhíse leantúnaí ar feadh deich mbliana ach níos lú ná cúig bliana déag
- ba chóir fógra ocht seachtain a thabhairt do CRS a bhí i mbun seirbhíse leanúnaí ar feadh breis agus cúig bliana déag.

6. Iarratais ar Íocaíocht Iomaracaíochta:

6.1 Tá foirm iarratais chaighdeánach ann d'íocaíocht iomarcaíochta (Foirm RP50) a ghabhann leis seo mar Aguisín 1. Tá sampla d'Fhoirm RP50 agus an t-eolas ann ar ghá do bhainistíocht na scoile a chomhlánú ar dtús agus don chúntóir riachtanas speisialta ina dhiaidh sin, ag gabháil leis seo mar Aguisín 2.

Tá mionsonraí ar chomhlánú na foirme seo le fáil freisin sa leabhrán **"**Treoirleabhar don Scéim Íocaíochtaí Iomaracaíochta" a d'eisigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

6.2 Is é an teorainn ama chun iarratas ar íocaíocht iomarcaíochta a chur isteach ná 52 sheachtain tar éis dáta foirceannaidh an chonartha fostaíochta.

6.3 Ba chóir do bhainistíocht na scoile Foirm RP50 a chomhlánú ar an gcéad dul síos agus é a chur faoi bhráid na Rannóige Párolla, An Rannán Párolla, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Ba chóir cóip a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta ag an staid seo ar bhonn eolais.

7.4 I gcás go measann an Roinn go bhfuil an cúntóir riachtanas speisialta i dteideal íocaíochta iomarcaíochta, déanfar an íocaíocht seo mar aon leis an bhFoirm RP50 bunaidh a eisiúint go díreach chuig an gcúntóir riachtanas speisialta lena mbaineann. **Caithfidh an cúntóir riachtanas speisialta a dhearbhú ar an bhFoirm RP50 bunaidh go bhfuil an íocaíocht faighte aige nó aici agus caithfidh sé nó sí an fhoirm seo a chur ar ais chuig an Roinn.**

8. Impleachtaí Íocaíochta Iomarcaíochta ar Shochar Dífhostaíochta:

8.1 Féadfar duine faoi bhun 55, a fhaigheann íocaíocht iomarcaíochta sa bhreis ar €19,046.07, a dhícháiliú ar feadh tréimhse suas go dtí naoi seachtain. Cuirtear an dícháiliú i bhfeidhm ar scála aistritheach ag braith ar mhéid na hiomarcaíochta a fuarthas. Tá tuilleadh eolais faoi impleachtaí íocaíochta iomaracaíochta ar Shochar Dífhostaíochta le fáil direach ó d'oifig áitiúil den Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh.

9. Nósanna Imeachta Achomhairc:

9.1 I gcás go n-éiríonn idir an Roinn seo agus an cúntóir riachtanas speisialta maidir lena cheart nó lena ceart chun cnapshuime, féadfaidh an cúntóir riachtanas speisialta an cás a thabhairt chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta (BAF) le go ndéanfaí breithniú air. Tá ceannáras an Bhinse ag Teach Dáibhéid, Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2 agus tá tuilleadh eolais ar a ról le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, http://www.entemp.ie

10. Eolas Breise ar an Iomarcaíocht:

10.1 Tá tuilleadh eolais maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta le fáil ón Rannóg Eolais ar Chearta Fostaíochta, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaiochta, Teach Dáibhéid, Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. Teil (01) 6313131.
Lo-call (más lasmuigh de cheantar 01) 1890 220222 Láithreán Gréasáin
http://www.entemp.ie

11. Scaipeadh Eolais:

11.1 Iarrtar ar údaráis bhainistíochta ábhar an Chiorcláin seo a chur os comhair cúntóirí riachtanas speisialta ina scoileanna, lena n-áirítear iad siúd atá ar shaoire mháithreachais, ar shaoire bhreoiteachta etc. agus os comhair comhaltaí na mBord Bainistíochta freisin.

12. Ceisteanna faoin gCiorclán seo:

12.1 Má bhíonn aon cheist agat maidir leis an gciorclán seo téigh i dteagmháil, le do thoil, le Rannóg Phárolla CRS, An Rannán Párolla ag 090 648 4136 nó cuir an cheist ar ríomhphost chuig sna_pay@education.gov.ie.

P. Maloney,
Príomh-Oifigeach,
An Rannán Párolla
Bealtaine 2006

Féach na Foirmeacha

Fógra Iomaracaíochta (RP50)
Treoir maidir leis an bhFoirm Iomarcaíochta a Chomhlánú (RP50)